# Seirbhís Urnaí/Tionól le Tús a Chur le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019

**BEIDH UAIT**

• Coinneal mhór. Scríobh air: cóir cineálta, pobal na scoile, fáilteach roimh chách, maireachtáil ar nós Íosa. (Féach an leathanach deiridh).

• Spás beannaithe le Bíobla oscailte agus glacadóir don choinneal.

• Duine leis an gcoinneal lasta a iompar isteach sa spás beannaithe.

• Beirt léitheoir. Seachtar páiste leis na fógraí seo a ardú: cóir/cineálta/pobal /na scoile/fáilteach/ roimh chách/ maireachtáil ar nós Íosa.

Is féidir an tseirbhís urnaí seo a úsáid ag tús, ag deireadh nó i lár Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019. Is féidir é a reáchtáil sa seomra ranga, i halla na scoile nó i seomra urnaí. D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do bhaill phobal an pharóiste más gá; an sagart paróiste, séiplíneach na scoile, tuismitheoirí nó seantuismitheoirí, páirt a ghlacadh i gceiliúradh na seachtaine.

**Ceannaire:** Céad Fáilte romhaibh __________ ar maidin/tráthnóna) chuig an tráth urnaithe seo agus muid ag cur tús/deireadh le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2019. Cuirimid tús leis an urnaí 'In ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh.' Amen.

Bímis ciúin ar feadh nóiméid i láthair Dé ...

**Amhrán Tosaigh**
Iomann a dhéanann ceiliúradh ar an scoil uathúil sin agaibhse nó a leithéid a chanadh. Sampla: A Dhia Naofa (Clement Mac Mánais) nó 'Gifts from God' le Bernard Sexton (liricí ag: education.dublindiocese.ie/wp- content/uploads/sites/9/.../20.Gifts-from-God.pptx)

A fhad is a bhíonn an t-amhrán á chanadh, déantar an choinneal a iompar isteach agus a chur ar taispeáint sa spás beannaithe.

**Ceannaire:** Is inniu a chuirimid tús le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha. Beidh na daltaí, an fhoireann, na tuismitheoirí, seantuismitheoirí, baill an bhoird bainistíochta agus pobal an pharóiste ag tabhairt le fios ar iliomad bealaí éagsúla go bhfuil siad mórtasach as an scoil Chaitliceach seo. Is maith an rud é ceiliúradh a dhéanamh ar an saghas pobail atá ionainn agus ar an obair a bhíonn idir lámha againn.

Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha i mbliana ná Scoileanna Caitliceacha: Obair na Scoileanna Caitliceacha Áitiúla a Cheiliúradh. Cuireann an téama i gcuimhne dúinn an tábhacht a bhaineann leis an obair iontach a bhíonn ar siúl inár scoil Chaitliceach féin, agus gur ceart í a cheiliúradh. Iarrann Dia orainn na buanna agus na tallanna atá againn a úsáid ar mhaithe le pobal iomlán na scoile agus a bheith cabhrach, cineálta, trócaireach do chách, agus guí ar a son. Caithimid maireachtáil ar nós Íosa.

Conas is féidir linn a leithéid a dhéanamh i rith na seachtaine?

**Léitheoir 1:** Bíonn obair na scoile Caitlicí á cheiliúradh againn nuair a bhímid ...

*Páiste 1 & 2 ag ardú na bhfógraí le 'cóir' & 'cineálta' orthu agus ag rá na bhfocal. (Nó d'fhéadfadh an slua na focail a ghlaoch amach os ard).*

**Léitheoir 2:** Bíonn obair na scoile Caitlicí á cheiliúradh againn nuair a bhímid mar...

*Páiste 3 & 4 ag ardú na bhfógraí le 'pobal' & 'na scoile' orthu agus ag rá na bhfocal. (Nó d'fhéadfadh an slua na focail a ghlaoch amach os ard)..*

**Léitheoir 1:** Bíonn obair na scoile Caitlicí á cheiliúradh againn nuair a bhímid……

*Páiste 5 & 6 ag ardú na bhfógraí le 'fáilteach' & 'roimh chách' orthu agus ag rá na bhfocal. (Nó d'fhéadfadh an slua na focail a ghlaoch amach os ard).*

**Léitheoir 2:** Bíonn obair na scoile Caitlicí á cheiliúradh againn nuair a bhímid …

*Páiste 7 ag ardú an fhógra le 'ag maireachtáil ar nós Íosa' air agus ag rá na bhfocal. (Nó d'fhéadfadh an slua na focail a ghlaoch amach os ard).*

**Ceannaire:** Breathnaímis ar na focail sin ar feadh nóiméid. Cuirfear ceist ar na daltaí na focail sin a chur ar taispeáint in ionad urnaí Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha. I rith na seachtaine seo beimid ag iarraidh na focail sin a chur i ngníomh. Glacfaimid leis an dúshlán a chuirtear romhainn mar scoil Chaitliceach agus déanfaimid an obair iontach atá ar siúl againn a cheiliúradh. Déanfaimid ár ndícheall a bheith cineálta cóir. Beidh an muintearas á chur ar aghaidh inár measc. Cuirfear fáilte Uí Cheallaigh roimh chách, agus thar aon rud eile beimid ag iarraidh maireachtáil ar nós Íosa. Is é seo an tsaintréith a thugann stádas ar leith dár scoil féin. Maireachtáil ar nós Íosa – sin príomh-thréith na scoile Caitlicí..

*Suíonn na léitheoirí agus na páistí síos arís.*

## Guí an Phobail



**Ceannaire:** Guímis chun Dé. Is é an freagra ná: 'A Thiarna bí ceansa agus éist linn.'

**Léitheoir 1:** Guímid ar son ár dtuismitheoirí: go mbeidh siad i gcónaí cóir agus cineálta díreach mar atá Ár nAthair ar neamh. A Thiarna Éist Linn … **Freagra**

**Léitheoir 2:** Guímid ar son na n-oidí agus an uile dhuine a oibríonn inár scoil Chaitliceach: go leanfaidh siad leo ag scaipeadh an mhuintearais, agus ag cur fáilte croíúil roimh chách. A Thiarna Éist Linn … **Freagra**

**Léitheoir 3:** Guímid ar son na sagart, ar son na mban rialta, oibrithe an pharóiste, agus ar son gach aon duine a bhaineann le pobal an pharóiste, ionas gur féidir linn maireachtáil le chéile ar nós Íosa. A Thiarna Éist Linn … **Freagra**

**Léitheoir 4** Guímid ar son na ndaoine gan dídean, ar son na n-easlán, ar son aon duine a mhothaíonn faoi bhrú. Go mbeidh grá Dé ar fáil dóibh i measc an phobail. A Thiarna Éist Linn … **Freagra**

**Léitheoir 5:** Guímid ar son an Phápa Proinsias, ar son ár n-easpag..[ainmnigh…], ar son na sagart agus ar son aon duine a chraobhscaoileann Soiscéal Dé. Go leanfaidh siad treoir Chríost ina gcroí agus ina saol, agus obair Chríost á chur i gcrích acu. A Thiarna Éist Linn … **Freagra**

## Urnaí an Deiridh

**Ceannaire:** Guímis anois an phaidir a mhúin Íosa dúinn: Ár nAthair atá ar Neamh…

**Ceannaire:** A Dhia an ghrá agus na trócaire,
Bíonn tú i gcónaí i dteagmháil linn.
Deonaigh go lasfar ár gcroí le solas Chríost, ionas go mbeidh a thoil á dhéanamh againn inár gcuid gníomhartha. Bíodh pobal muinteartha le sonrú sa scoil seo againne, le go mairfimid de réir an tSoiscéil, i gcomhluadar an ghrá. Amen.

*Má bhíonn sagart i láthair iarr air an bheannacht a thabhairt. Mura mbíonn abair:*

Cuirimid deireadh lenár gcuid urnaí díreach mar a thosaíomar, trí fíor na croise a ghearradh orainn féin: In ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh. Amen.

**Amhrán Deiridh**
'Réir Dé'



